GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH Uimh. 1/2021 ÓN GCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an 23 Feabhra 2021

a mhéid a bhaineann leis an dáta a scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach de bhun an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair [2021/356]

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe pointe (a) de mhír 2 d'Airteagal FINPROV.11 [Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach] de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun mhír 2 d'Airteagal FINPROV.11 [Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach] den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), chomhaontaigh na Páirtithe an Comhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021 ach fógra a bheith tugtha dá chéile, roimh an dáta sin, go bhfuil a gceanglais inmheánacha agus a nósanna imeachta inmheánacha féin faoi seach is gá don chur i bhfeidhm sealadach curtha i gcrích. Tá deireadh le teacht leis an gcur i bhfeidhm sealadach ar cheann de na dátaí seo a leanas, cibé acu is túisce: an 28 Feabhra 2021, nó dáta eile arna chinneadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta; nó ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa inar thug an dá Pháirtí fógra dá chéile go bhfuil a gceanglais inmheánacha agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach chun a dtoiliú a bheith faoi cheangal comhlíonta acu.

(2) Ós rud é nach mbeidh an tAontas Eorpach in ann, i ngeall ar cheanglais inmheánacha nós imeachta, an Comhaontú Trádála agus Comhair a thabhairt i gcrích faoin 28 Feabhra 2021, ba cheart don Chomhairle Comhpháirtíochta an 30 Aibreán 2021 a shocrú mar an dáta ar a scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach de bhun phointe (a) de mhír 2 d'Airteagal FINPROV.11 [Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach] den Chomhaontú Trádála agus Comhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an 30 Aibreán 2021 an dáta ar a scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach de bhun phointe (a) de mhír 2 d'Airteagal FINPROV.11 [Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach] den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, 23 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE